

## ❁ An Lúbín ❁

20 Feabhra 2013

### Comhdháil Léinn Ghaelaigh

Bhí Comhdháil Léinn Éireannaigh ar siúl ag Ollscoil Melbourne ar 15-16 Mí na Feabhra le hómós don Ollamh Elizabeth Malcolm, scoláire suntasach a rinne gaisce mar staraí san Astráil agus thar lear agus atá ar tí dul ar scor. Comhdháil bheag a bhí ann, gan aon ardnós ag baint léi ná táille le hióc; ach bhí scoláirí den scoth ag caint ann agus an-suim ag an lucht éisteachta ina a raibh le rá acu.

Ar 15 Mí na Feabhra (Dé hAoine) chualamar an tOllamh Nicholas Canny (UCG) ag caint ar 'Ireland and the Wider World, ca 1600-1750: The Political Aspect': caint ar an mbealach ar éirigh Éire fite fuaite i gcúrsaí polaitíochta na hÉorpa sa tréimhse úd de bharr na n-iarrachtaí a bhí á dtabhairt ag roinnt Éireannach ar chúnamh míleata a fháil ón mór-roinn. Chuir Nicholas béim ar ilghnéitheacht na nÉireannach ag an am: tugadh le fios idir shúgradh agus dáiríre nach bhfuil san Éireannachas, i ndeireadh na dála, ach aigne áirithe.

Ar maidin 16 Mí na Feabhra thug Dianne Hall (Victoria University) páipéar ar 'Gender, violence and memory: looking for Derbforgaill in Irish History': scrúdaigh sí an iliomad brí a baineadh as scéal na mná úd a d'fhuadaigh Diarmuid Mac Murchadha, rí Laighean. Ba í Dearbhfhorghaill (1108–1193) bean chéile Thiarnáin Uí Ruairc, rí Bréifne. De bharr aighnis idir an dá rí díbríodh Diarmuid agus d'iarr sé cabhair ar Normannaigh na Breataine Bige chun a ríocht a athghabháil sa bhliain 1152. Is dócha gur ghníomh polaitiúil an 'fuadach' ach is iomaí feidhm a bhain staraithe agus conspóidithe as an scéal de réir a dtuairimí morálta agus polaitiúla. Bhronn Dearbhfhorghaill, bean chráifeach, maoin ar theampall ag Cluain Mhic Nóis: b'fhéidir gur fhág an 'smál' a bhí ar a clú a rian ar aigne na seandálaithe, ós beag tochailt atá déanta sa láithreán áirithe úd.

Thug Ronan McDonald (Ollscoil New South Wales) páipéar ar 'Darwinism and the Irish Revival': rinne sé scrúdú ar an mbrí a bhain daoine difriúla as teoiricí 'Darwineacha' i ngeall ar an Athbheochan Gaelach. Trí Darwin a fágadh rian an nua-aoiseachais ar na Athbheochan, ach ba chasta an scéal é. Dhéantaí trácht ag an am ar 'lagú' agus ar 'neartú'; bhí an tír á lagú ag an imirce, ach bhí lofacht ag baint freisin le tionchar Shasana – a litriocht chomhaimseartha, nósanna an uasaicme. Bhí an-suim ag an scoláire mór Standish Hayes O'Grady (ceannródaí 'Ceilteach') i gcúrsaí ginealaigh, agus shíl AE Russell go raibh gá le daoine nua agus le smaointe nua chun beocht a chur sa chine. Bíodh an bua ag an té is treise – agus shíl a lán gurb iad na Gaeil ba threise in Éirinn na hAthbheochana.

D'fhill Nicholas Canny agus é ag caint ar 'The Irish Abroad, ca. 1600-1750,' a choimre ar an taighde a rinneadh anuas go dtí seo ar scaipeadh na nÉireannach – an saibhir agus an daibhir, lucht oibre, ceannaithe (idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh), saighdiúirí, sagairt, mná agus fir – ar fud na hEorpa, i Meiriceá Theas agus i Muir Chairib. Na ceannaithe a díbríodh as Éirinn chuir siad bun orthu féin arís sna calaí eachtrannacha a raibh gnó acu iontu roimhe sin. Bhain roinnt Éireannach brabach mór as an siúcra agus as an trádáil sclábhaithe a bhain leis. Tá taighde le déanamh fós: tá cartlanna agus cáipéisí á gcóradh agus á scagadh – obair thuirsiúil, minic go leor, ach obair ar gá í a dhéanamh chun blúirí fánacha eolais a aimsiú agus a cheangal le chéile. Níor tugadh aird roimhe seo ach ar chuid de na hÉireannaigh a thug a n-aghaidh ar an coigríoch: beidh dul amach againn ar an gcuid is leithne den scéal feasta. (Is fiú, dála an scéil, alt le Nini Rodgers a léamh: 'The Irish in the Caribbean 1641-1837: An Overview': <http://www.irishargentine.org/0711rodgers1.htm>.)

'Irish Studies in Australia –Pre and Post 2000' ab ábhar dá raibh le rá ag Philip Bull (Ollscoil La Trobe) agus Elizabeth Malcolm (Ollscoil Melbourne). Tá an léann Éireannach ag dul i neart san Astráil le roinnt mhaith blianta anuas, agus gach bliain bíonn comhdháil de chuid ISAANZ (*Irish Studies Association of Australia and New Zealand*) ar siúl san Astráil, sa Nua-Shéalainn nó in Éirinn; tagann iris amach agus corrbhailiúchán de na

páipéir. In Melbourne bíonn seimineáir phoiblí ar siúl i gColáiste Newman (foilsíodh roinnt de na páipéir le déanaí) agus tá leas á bhaint as an ábhar Éireannach atá ar fáil i Lárionad Acadúil Choláistí Mhuire agus Newman. Is fada anois ó d'fhoilsigh Patrick O'Farrell leabhar beoga cuimsitheach faoi stair na nÉireannach san Astráil, leabhar a d'fhéadfadh a lorg a fháil ar dhearcadh staraithe eile. Is cuid suntais é, mar sin, a laghad suime a chuireann na staraithe sin i dtionchar na nÉireannach ar an Astráil i gcúrsaí sóisialta, polaitíochta agus cultúir.

Thug Tadhg Foley (UCG) páipéar ar 'Max Arthur Macauliffe (1838-1913), Irish Sikh Scholar!'. Bhí Macauliffe ina bhall de lucht riaracháin na hIndia le linn an Raj agus é ar dhuine den scata Éireannach a chuir suim i gcreidimh an Oirthir i ndeireadh an 19ú haois. Eisean a rinne aistriúchán máistriúil de scríoptúir na Saíceach le cabhair óna lán scoláirí Saíceacha. Ba é a thuairimse gur Hiondúchas íonghlanta é an Saíceachas (creideamh aondiachúil a thugann cothrom na Féinne do na mná). Shíl Macauliffe gur thréan an taca ag an Impireacht na Saícigh, agus ina fhianaise sin a rinne sé a shaothar féin.

'Irish Studies and the Theatre' ab ábhar don chaint a thug Peter Kuch (Ollscoil Otago sa Nua-Shéalainn): thug sé cuntas cruinn suimiúil ar na drámaí Éireannacha a léiríodh san Astráil agus sa Nua-Shéalainn ó dheireadh an 18ú haois. Bhí éileamh mór, mar shampla, ar dhrámaí Éireannacha in Sydney i lár an 19ú haois; thug Dion Boucicault cuairt ar an Astráil, agus tháinig aisteoirí ó Amharclann na Mainistreach anall ina dhiaidh sin. Faoi láthair is iad na compántais amaitéaracha is mó a léiríonn drámaí Éireannacha, cé gur deacair teacht ar dhráma Gaeilge ar stáitse ar bith. Tá baint ag Peter leis an Irish Theatrical Diaspora Project:

[www.irishdiasporatheatricalproject.net](http://www.irishdiasporatheatricalproject.net)

Lisa Bitel (Ollscoil California Theas) a thug an páipéar dheireanach: 'Away with the Fairies, or: I Must Have Taken a Wrong Turn at Tír na nÓg'. Cúrsaí osréalachas agus creidimh i bhfinscéalaíocht na hÉireann ab ábhar dá caint agus aird á díriú aici ar scéal Éadaoin go háirithe. Is minic idirdhealú á dhéanamh idir ré an Phágánachais agus ré na Críostaíochta; i ndáiríre bhí na lán mion-Chríostaíochtaí ann in Éirinn agus san Éoraip agus ní raibh teorainn dhosharaithe idir an seansaol agus an aois nua. Trí chuid atá i scéal Éadaoin, bean a bhfuil an dia Midhir i ngrá léi; déantar cuileog álainn di agus athbheirtear í mar Éadaoin nua. Tá an chéad chuid suite san seansaol Págánach (b'fhéidir gur scéal ann féin é tráth); tá an dá chuid eile suite sa ré nua, ach tá na Tuatha Dé Danann fós ann. Dhá thréimhse chomhthreomhara atá i gceist, ceann a thosaigh le hÁdhamh agus ceann eile a bhí riamh ann; agus tá dhá shaol ag dul i bhfeidhm ar a chéile. Tionscadal taighde é seo a bhfuil Lisa ina bhun go fóill.



### **Iarsmaí Gaeilge san Astráil**

Ní féidir dul thar Mhicheál Ó Tiománaí (Ó Tiománaidhe) agus tú ar lorg na n-iarsmaí scríofa is luaithe den Ghaeilge san Astráil. Thug sé tamall in Queensland ag sirtheoireacht óir agus bhí aithne aige ar bheirt scoláirí Gaeilge in Melbourne, an Dr Nioclás Ó Domhnaill agus Tomás Ó Cathaláin. D'fhill sé ar Éirinn den uair dheireanach idir na blianta 1925 agus 1927. Eisean a scríobh 'Féidhlim Ó Néill (a ghrá agus a chrá),' gearrscéal a bhí suite in Queensland agus a foilsíodh san *Irish Rosary* sa bhliain 1907. (Coinníodh an bunlitriú anseo.)

Do chruinnigh na beithidhigh fhiadháine timcheall air ag gáir-ghéimnigh agus ag búrthaighil. D'ionnsuigh tarbh mór é le n-a mharbhadh acht d'éirigh leis, go ndeachaidh sé suas ar chrann mór agus d'fhan sé thuas ar ghéagáin an chrainn go dtí breacadh an lae maidin lá ar na bhárach gan greim ná deoch agus é ag crith le faitchíos agus le sgannrughadh.

Nuair nár fhéad na beithidhigh é a stialladh ó chéile le na gcuid adharc, d'imthigheadar leodhtha ag búrthaighil go huathbhásach, agus iad ag tolladh na talmhan, agus ag réabadh na coilleadh rómpu.

I lár na hoidhche thosnuigh na diongós, 's iad sin madaidhe fiadháine na tíre i n-a gcéadtaibh thart timcheall air, agus meireach go raibh sé thuas ar an gcrann ar a mbealach bheadh sé stróicthe i n-a míle píosa sul má dtí maidin aca.

Chuir tafaint agus giúinighil na madaidhe an oiread sin d'fhaitchíos agus sgannrughadh ar Fhéidhlim bocht a bhí thuas ar an gcrann i riocht is go raibh a chuid gruaige i n-a seasamh ar a cheann, a dhá shúil ag léimnigh as a gcúrsaibh agus an t-anam ag tuitim as, agus nuair a fuair sé an bóthar réidh ar maidin, creid mise gur thug sé do na bonnaibh é...<sup>1</sup>

Píosa é a bhfuil blas na scéalaíochta air, murab ionann is gearrscéalta nua-aoiseacha an Phiarsaigh, mar shampla; ach is é an chéad píosa scríbhneoireachta é a fáisceadh go díreach as saol na tíre (nó as leagan de). In Éirinn bhailigh Ó Tiománaí scéalta agus amhrán sa Ghaeltacht, ábhar den saghas a thug na hÉireannaigh leo go dtí an Astráil sa 19ú haois – scéalta Fiannaíochta, béaloideas áitiúil, amhráin ghrá agus ghrinn.

Eisean a fuair 'An Lánúin Dhílis' ó Pháraic Mac Gréil, píosa béaloidis atá le fáil in *Sgéalta Gearra So-Léigte an Iarthair* (1906).<sup>2</sup> (Litriú athchóirithe atá air anseo.)

Bhí lánúin suim blianta ó shin agus bhí a sáith de shaibhreas an tsaol seo acu. Théadh siad i gcuideachta sna gach uile áit, agus bhí sise ina togha daimhseora, agus bhí an fear an-bhródúil aisti; ní thioctadh leis a ligean as amharc. Bhí siad mar sin nó gur tháinig an drochshaol agus go dtáinig lobhadh ar na fataí. Bochtaíodh chomh maith sin iad agus ní raibh mórán acu le caitheamh le siamsa ná le súgradh.

Tháinig an aicíd ansin orthu agus ghuigh sí Dia dá gcaillfí a fear, í féin bás a fháil chomh luath leis. Bhí a shliocht uirthi: fuair sí a guí. Fuair a fear bás san oíche agus fuair sise bás san oíche dar gcionn, agus bhí an bheirt i gcuideachta a chéile chun na cille.

D'imigh an chlann go fánach agus d'imigh an teach ar an gcaoi chéanna. Tháinig stoirm agus fuadaíodh an cumhdach scaith agus taobhán, agus cuireadh poll sa teach. Bhí seisear fear ag dul ag iascaireacht agus chonaic siad solas amháin ar an bpoll seo, agus tháinig siad go dtí é, agus dhearcadar isteach ar an bpoll, agus chonaicadar an fear a cailleadh sa teach ag coinneáil coinnle agus a bhean ag damhsa le fear eile, agus píobaire ag seinm dófa [dóibh]. Nuair ab fhada leis na hiascairí a bhí siad ag amharc orthu d'imíodar chun na farraige ag iascaireacht, agus nuair a tháinigeadar abhaile d'imis siad do dheartháir an fhir mhairbh an t-amharc a chonaic siad, go raibh a dheartháir ag coinneáil solais agus a bhean ag damhsa le fear eile, agus culaith éadaigh chomh geal leis an tsneachta uirthi, mar ba ghnách léi nuair a bhí sí beo.

Bhí ionta mór ar a dheartháir faoi seo. Chuaigh sé agus chuir sé deis ar an teach i riocht agus dá mbeadh siad ann nach bhfeicfí iad. Bhí an teach mar sin gur leag an ghaoth mhór é, agus tá na ballaí le feiceáil i gcónaí.

Seo scéal den saghas a bheadh ag mórán de na cainteoirí Gaeilge a bhain an Astráil amach sa dara leath den 19ú haois (i seascaidí na haoise sin a tháinig a bhformhór). Ní mór a leithéid a chur san áireamh agus sinn ag iarraidh dul amach ar mheon agus ar intinn na nÉireannach a chuir fúthu i Stát Victoria, mar shampla.

Is díol spéise é an scéal ar shlite eile. Blas brionglóide atá air: rud a tháinig aníos as doimhe na hintinne. Ar shlí, bréagnaíonn sé an dílseacht: an bhean ag rince le fear eile. Ar shlí eile, is féidir an fear céile agus an rinceoir fir a aithint mar dhá ghné den duine céanna; ní nochtann an solas ach an diamhair agus an débhríochas. I láithreán an ghrá a thiteann an scéal amach; déanann an deartháir iarracht ar an dlúthchaidreamh seo a cheilt ar chaidéis an domhain, ach tagann an t-am (an ghaoth) agus é ina neart; fothrach a fhágtar ina dhiaidh.



<sup>1</sup> Féach Noone, Val, *Hidden Ireland in Victoria*, Ballarat Heritage Services 2012, lch 129.

<sup>2</sup> *Sgéalta Gearra So-Léigte an Iarthair* (An Dara Saothar). Mícheál Ó Tiománaidhe do chruinnigh agus do chuir i n-eagar. M.H. Gill & Son (Ltd.). Gaelic League 1906.

## Deireadh *Gaelscéal*

Tá Foras na Gaeilge leis an gcaidhp bháis a chur ar *Gaelscéal*, nuachtán atá á léamh go forleathan ar líne ag Gaeilgeoirí ar fud an domhain. Bhí conradh ag an bhForas leis an comhlacht Torann na dTonn chun *Gaelscéal* a fhoilsiú, conradh a raibh fóirdheontas €400,000 ag gabháil leis. Bhí Torann na dTonn le 9,000 cóip a dhíol sa tseachtain de réir choinníollacha an chonartha, ach deir an Foras nach raibh de mheándíolachán ach 1,314 cóip sa tseachtain sa bhliain 2012.

Tá a lán daoine ag léamh an nuachtáin ar an Idirlíon, rud ar chuimhnigh an Foras air, mar is léir ó litir (i nGaeilge uafásach an mhaorlathais) a chuir sé chun Torannna dTonn: deir sí 'go bhfuil treochtaí phobal léitheoireachta na Gaeilge ag imeacht go suntasach ó fhormaid na meáin clóite agus tá pleananna á gcur le chéile ag Foras na Gaeilge le freastal a dhéanamh ar na riachtanais seo'. I nGaeilge shoiléir, dream digiteach is ea lucht na Gaeilge feasta agus is cóir deireadh a chur le cló. Más fíor an méid sin, tá *Foinse* (nuachtán eile na Gaeilge) i mbaol.

Níl lucht léite na Gaeilge rólíonmhar ar aon chuma, agus bhí daoine á rá riamh nach raibh gá le dhá nuachtán, cé go dtéann an bheirt i mbun oibre ar bhealaí difriúla. Chlis *Foinse* féin sa bhliain 2008, agus d'eascair *Gaelscéal* ó uaigh *Lá Nua* (a fáisceadh as *Lá*).

Tá acmhainní eile ann. Is féidir leat súil a chaitheamh ar <http://igaeilge.ie/> agus ar na blaganna atá ag baint leis. Ba mhaith an rud é dá mbeadh nuachtán ar líne ann a bhí dírithe ar Ghaeilgeoirí an domhain mhóir seachas ar lucht Gaeilge na hÉireann, ach ba dheacair maoiniú a fháil chuige.



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Leaganacha simplithe

### Comhdháil Léinn Ghaelaigh

Bhí Comhdháil Léinn Éireannaigh ar siúl ag Ollscoil Melbourne ar 15-16 Mí na Feabhra le hómós<sup>3</sup> don Ollamh Elizabeth Malcolm, scoláire suntasach. Ba chomhdháil<sup>4</sup> bheag phoiblí í agus gan táille le híoc.

Thug an tOllamh Nicholas Canny (UCG) páipéar ar ‘Ireland and the Wider World, ca 1600-1750: The Political Aspect’. Chuaigh cúrsaí polaitíochta na mór-roinne<sup>5</sup> i bhfeidhm ar Éirinn de bharr na n-iarrachtaí a bhí á dtabhairt ag roinnt Éireannach ar chúnamh míleata a fháil thar lear. Chuir Nicholas béim ar ilghnéitheacht<sup>6</sup> na nÉireannach ag an am: bhí morán tuairimí á gcur in iúl.<sup>7</sup>

Thug Dianne Hall (Victoria University) páipéar ar ‘Gender, violence and memory: looking for Derbforgaill in Irish History’. Scrúdaigh sí an díospóireacht a rinne staraithe agus conspóidithe<sup>8</sup> faoi Dhearbhfhorghaill, bean uasal de chuid an dóú haois déag. Ba í bean chéile Thiarnáin Uí Ruairc, rí Bréifne, í. D’fhuadaigh Diarmuid Mac Murchadha, rí Laighean, í. Tháinig olc ar Thiarnán agus díbríodh Diarmuid. D’iarr seisean cabhair ar Normannaigh na Breataine Bige chun a ríocht a athghabháil.<sup>9</sup> Chuir sé seo fearg ar náisiúnaithe níos déanaí agus dúradh go raibh smál ar chlú na mná uaisle. Bhí spéis ag Dianne sna tuairimí difriúla a bhain leis an scéal agus sa léargas a thug siad ar chúrsaí polaitíochta agus sóisialta.

Thug Ronan McDonald (Ollscoil New South Wales) páipéar ar ‘Darwinism and the Irish Revival’. Rinne sé scrúdú ar an mbrí a bhain daoine difriúla as teoricí ‘Darwineacha’ faoin Athbheochan Gaelach. D’fhág siad rian an nua-aoiseachais<sup>10</sup> ar na Athbheochan, agus bhí morán cainte ar siúl ar ar ‘lagú’ nó ar ‘neartú’ na tíre dá bharr.

Thug Nicholas Canny páipéar ar ‘The Irish Abroad, ca. 1600-1750’. Thug sé léargas ar scaipeadh na nÉireannach – daoine bochta, ceannaithe (idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh), saighdiúirí, sagairt, mná agus fir – san Eoraip, i Meiriceá Theas agus i Muir Chairib. Bhain roinnt Éireannach brabach mór as an siúcra agus as an trádáil sclábhaithe<sup>11</sup> a bhain leis. Tá morán taighde le déanamh fós.

Bhí Bull (Ollscoil La Trobe) agus Elizabeth Malcolm (Ollscoil Melbourne) ag caint ‘Irish Studies in Australia – Pre and Post 2000’. Tá morán oibre ar siúl an Irish Studies Association of Australia and New Zealand, tá taighde á dhéanamh ag scoláirí, agus is fada anois ó d’fhoilsigh Patrick O’Farrell leabhar mór faoi na hÉireannaigh san Astráil. Mar sin féin, ar éigean a chuireann staraithe eile suim i dtionchar na nÉireannach ar an Astráil i gcúrsaí sóisialta, polaitíochta agus cultúir.

Thug Tadhg Foley (UCG) páipéar ar ‘Max Arthur Macauliffe (1838-1913), Irish Sikh Scholar!’. Bhí Macauliffe ina bhall de lucht riaracháin na hIndia le linn an Raj. D’aistrigh sé scríoptúir na Saíceach<sup>12</sup> go Béarla le cabhair ó scoláirí Saíceacha. Tá ardmheas ar a shaothar fós.

Thug Peter Kuch (Ollscoil Otago sa Nua-Shéalainn) caint ar ‘Irish Studies and the Theatre’. Tá baint ag Peter leis an Irish Theatrical Diaspora Project, agus thug sé cuntas cruinn suimiúil ar na drámaí Éireannacha a léiríodh san Astráil agus sa Nua-Shéalainn ó dheireadh an 18ú haois.

Lisa Bitel (Ollscoil California Theas) a thug an páipéar dheireanach: ‘Away with the Fairies, or: I Must Have Taken a Wrong Turn at Tír na nÓg’. Bhí sí ag caint ar chúrsaí osréalachais agus creidimh i bhfinscéalaíocht na hÉireann. Is minic idirdhealú<sup>13</sup> á dhéanamh idir ré an Phágánachais agus ré na Críostaíochta in Éirinn. I ndáiríre ní raibh teorainn shoiléir idir an seansaol agus an aois nua.

<sup>3</sup> Le hómós do – in homage to

<sup>4</sup> Comhdháil - conference

<sup>5</sup> Cúrsaí polaitíochta na mór-roinne – politics on the continent

<sup>6</sup> Ilghnéitheacht - variousness

<sup>7</sup> Tuairimí á gcur in iúl – opinions being expressed

<sup>8</sup> Conspóidithe - controversialists

<sup>9</sup> Athghabháil - recover

<sup>10</sup> Rian an nua-aoiseachais – the trace of modernism

<sup>11</sup> Trádáil sclábhaithe – slave trade

<sup>12</sup> Saíceach - Sikh

<sup>13</sup> Idirdhealú - distinction

### **Iarsmaí Gaeilge san Astráil**

Ní féidir dul thar Mhicheál Ó Tiománaí (Ó Tiománaidhe) agus tú ar lorg na n-iarsmaí scríofa is luaithe den Ghaeilge san Astráil. Thug sé tamall in Queensland ag sirtheoireacht<sup>14</sup> óir agus bhí aithne aige ar scoláirí Gaeilge in Melbourne. Eisean a scríobh ‘Féidhlim Ó Néill (a ghrá agus a chrá),’ gearrscéal a bhí suite in Queensland agus a foilsíodh san *Irish Rosary* sa bhliain 1907.

In Éirinn bhailigh Ó Tiománaí ag bailiú scéalta agus amhrán sa Ghaeltacht, ábhar den saghas a thug na hÉireannaigh leo go dtí an Astráil sa 19ú haois – scéalta Fiannaíochta, béaloideas áitiúil agus amhráin.

Ní mór a leithéid a chur san áireamh agus sinn ag iarraidh dul amach<sup>15</sup> ar mheon agus ar intinn na nÉireannach a chuir fúthu<sup>16</sup> i Stát Victoria, mar shampla.

---

<sup>14</sup> Sirtheoireacht - prospecting

<sup>15</sup> Dul amach ar – get a full understanding of

<sup>16</sup> A chuir fúthu – who settled